Samhail Y 32

Dearbhú maidir le vótáil do Pharlaimint na hEorpa san Ísiltír

Tá tú i do chónaí san Ísiltír agus is náisiúnach de chuid ballstát eile san Aontas Eorpach thú. Ciallaíonn sé seo gur féidir leat an tír ina gcaithfidh tú vóta le haghaidh Pharlaimint na hEorpa a roghnú. Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun a dhearbhú go gcaithfidh tú vóta san Ísiltír agus ní i do bhallstát dúchais. Ní gá duit rud ar bith a dhéanamh má theastaíonn uait vóta a chaitheamh i do thír dhúchais.

I ndiaidh duit an dearbhú seo a chur isteach, fanfaidh tú cláraithe san Ísiltír mar vótálaí do Pharlaimint na hEorpa (chomh fada agus atá tú i do chónaí san Ísiltír). Má theastaíonn uait do chlárú a athrú agus vóta a chaitheamh arís i do bhallstát dúchais, téigh i dteagmháil le do bhardasacht chun an dearbhú seo a chúlghairm agus cláraigh le húdaráis do bhallstáit dúchais.

An tráth a gcaithfear an dearbhú seo a chur isteach
Ní mór don bhardasacht ina bhfuil tú cláraithe mar vótálaí an fhoirm seo a fháil sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta vótála. Gheobhaidh tú cárta vótála a ligean duit vóta a chaitheamh.

Aitheantas
Cuir cóip d'fhoirm bhailí aitheantais faoi iamh leis seo:

- Pas bailí ó cheann de na tíortha san Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.
- Cárta aitheantais bailí ó cheann de na tíortha san Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.
- Ceadúnas tiomána bailí ó cheann de na tíortha san Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.
- Cáipéis nach mór a bheith ag náisiúnach coigríche de bhun Acht na nEachtrannach 2000 chun a aitheantas, náisiúntacht nó stádas cónaithe a chinneadh.

Tabhair faoi deara!
Cion inphionóis é vóta a chaitheamh san Ísiltír agus i do bhallstát dúchais araon. D'fhéadfaí príosúnacht mí amháin ar a mhéid nó fíneáil a ghearradh ort.

1. Do shonraí

ainm _____

céadainm agus inisealacha láir _____

ainm réamhphósta (más cuí): _____

☐ fear

☐ bean

seoladh _____

cathair/baile _____

tír
An Ísiltír

dáta breithe _____ _____

cathair/baile breithe _____

seoladh deiridh sa bhallstát dúchais _____ _____

2. Síniú

Dearbhaím nach bhfuil aon chosc orm vóta a chaitheamh agus nach nglacfaidh mé páirt i dtoghchán feisirí de Pharlaimint na hEorpa i mballstát ar bith eile den Aontas Eorpach.

Dáta _____

Síniú _____